# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE




## Nuachtlitir Aibreán 2024

## Tar linn ar aistear mistéireach!

Féach thíos eolas faoi na himeachtaí a bheidh ar bun againn Mí Aibreán agus Bealtaine 2024.

## IMRAM COIS CUAIN

## Buile Shuibhne

**8:15 pm Dé hAoine 26 Aibreán,** Áras Mhic Reachtain,
283-289 Bóthar Aontroma, **Béal Feirste**
**Ticéid/tickets: £12.50**
*Eolas: daithi@mhicreachtain.com*

Bí linn ag an ócáid ilmheán, ilteangach seo, ina gcuirtear i láthair téacs iontach ón Meánaois **Buile Shuibhne**, ina suíonn prós agus filíocht le chéile.

Cuireann Rónán, cléireach, mallacht ar rí Ultach, Suibhne, agus téann an rí bocht le craobhacha. Is éan nó leathéan é dar leis agus canann sé duanta buile faoina chuid trioblóidí go léir nó é ag moladh an dúlra gan staonadh. Sa léiriú drámata seo tá leaganacha nua i nGaeilge agus i nGàidhlig ó Rody Gorman, chomh maith le ceol beo leis an chumadóir Seán MacErlaine agus an t-amhránai Diane Ní Chanainn, agus teilgfidh Margaret Lonergan íomhánna ar scáileán mór.




## Siúracha na Gealaí Caillte

**7:30 pm Dé hAoine 3 Bealtaine**
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál, **Béal Feirste**
**Ticéid £12.00 léiriú amháin**
**£30 léiriú agus béile dhá chúrsa i mBia Loch Lao**
*Eolas: sinead@culturlann.ie*

Ócáid dhraíochta ina samhlaítear comhrá fíleata idir an file radacach Diane di Prima agus Dairena Ní Chinnéide, le ceol nua chumtha ag Nick Roth, agus píosaí á gcasadh ag Olesya Zdorovetska, agus le híomhánna áille á dteilgeadh ag Margaret Lonergan.

Guth radacach i nuafhilíocht Mheiriceá a bhí ag Diane di Prima, glór cumhachtach feimineach nuair ba iad na fir is mó a labhair ar son ghlúin na bhfilí Beat. Lámhleabhar na hagóidíochta frithchultúrtha a bhí sa leabhar aici Revolutionary Letters (1971) a léiríonn samhlaíocht útóipeach agus aird á tarraingt aici ar an éiceolaíocht. Sa dán eipiciúil Loba, ar tour-de-force é, tarraingíonn sí ar go leor miotas chun spiorad an fhaolchú mar bhandia a chruthú le cantaireacht orthaí. 'Fuascailteach agus ar maos i bhfuil, dán do gach ré,' a thug Robert Hunter air, liriceoir Grateful Dead.




## ÉIST LEIS AN ÉANLAITH

8:30 i.n. Dé Sathairn 27 Aibreán
Triskel Arts Centre, Sráid Tóibín, Corcaigh
SAOR IN AISCE



**Léiriú ilteangach ar shaothar an fhile Phalaistínigh Marwan Makhoul.**

'Guth atá ionamsa,' a deir an file **Marwan Makhoul** faoina shaothar, 'a insíonn don phobal faoina bhféiniúlacht, agus a bhfuil déanta again chun an fhéiniúlacht sin a chaomhnú, mar Phalaistínigh, mar Arabaigh. Palaistíneach ab ea a athair agus Liobánach a mháthair. D'fhás sé suas in Beqeia agus é timpeallaithe ag na sléibhte, tírdhreach a fhaightear go rábach ina chuid filíochta. Palaistíneach é ina chónaí in Iosrael, baineann a chuid filíochta le himeallú na saoránach Arabach ann, agus le ceisteanna féiniúlachta pearsanta agus náisiúnta. Ní dóigh leis go bhfuil foirmeacha dochta próis is filíochta ann níos mó agus tarraingíonn a shaothar as gnáthchaint na ndaoine chomh maith le foirmeacha diamhra den teanga. Is geall le cantaireacht a bhíonn ar siúl aige agus é ag aithris a chuid filíochta, agus is minic amhránaithe agus ceoltóirí á thionlacan. I gcaitheamh an chogaidh in Gaza, 2023, bhain lucht agóide ina milliúin leas as dán leis ar fhallaí cathrach ar fud an domhain: ' chun go scríobhfainnse filíocht nach filíocht pholaitiúil í/ ní mór dom éisteacht leis an éanlaith/ agus chun an éanlaith a chlos / caithfidh na heitleáin chogaidh a bheith ina dtost'.

Beidh Marwan féin ag léamh as Araibis; leaganacha Béarla le **Raphael Cohen**; agus leaganacha Gaeilge le **Eibhlís Carcione, Louis de Paor, agus Áine Uí Fhoghlú.** Beidh **Keith Payne** sa chathaoir le haghaidh comhrá ar an aistriúchán liteartha.

*Arna léiriú ag  Liam Carson agus Annemarie Ní Churreáin.*
**World Book Fest Cork i gcomhar le IMRAM. Le tacaíocht ó Éigse Éireann.**

## Seolfar


### ÚDAR FAOI AGALLAMH

Sraith gearrscannán le húdair faoi agallamh ag **Cearbhall Ó Síocháin**

**7:30 i.n. Dé hAoine 3 Bealtaine i**

**MOLI**

UCD Naughton Joyce Centre, 86 Faiche Stiofáin, BÁC 2
Is í an file **AILBHE NÍ GHEARBHUIGH**, a bhfuil a cuid filíochta léite aici i bPáras, i Nua Eabhrac, i Montréal agus ar an mBuailtín, agus a bhfuil go leor duaiseanna bronnta uirthi, a bheidh faoi agallamh ar an oíche.




## IMRAM na nÓG

Beidh na céadta páiste i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus i gcathair Bhaile Átha Cliath ag glacadh páirte i gceardlanna litríochta faoi stiúir scoth na scríbhneoirí do pháistí le linn IMRAM na nÓG, 7-11 Bealtaine 2024.




## AN DRÚCHTÍN AGUS an SEILIDE

**Ceardlann do theaghlaigh le pháistí 6-9**
**12:00-12:45 agus 2:00-2:45 Dé Sathairn 11 Bealtaine**
**Leabharlann Sr. an Phiarsaigh**
**SAOR IN AISCE**

Tá fós spás sa gceardlann álainn **AN DRÚCHTÍN AGUS an SEILIDE**, bunaithe ar leabhar **Oein DeBharduin**, scéal a shíolraíonn ó thraidisiún béil an Lucht Siúil. Béidh an scéal á insint ag **Natalie Ní Chasaide** in éineacht le drúchtín, seilide, préachán agus go leor draíochta. Cuirfidh an scéal ag canadh, ag bogadh, agus ag brionglóidí sibh!

*Caithfear spásanna a chur in áirithe roimh ré, cuir rphost chuig* **majella@imram.ie** *le hainmneacha agus aois na bpáistí.*

